(English version below)

Seolann POBAL Pacáiste CD Nótaí Staidéir

Sheol POBAL, scátheagras phobal na Gaeilge, pacáiste CD nótaí staidéir do mhic léinn A' Leibhéil in Ardscoil Naomh Doiminic, Béal Feirste Dé Máirt 28ú Meán an Fhómhair. Tá na nótaí bunaithe ar an dráma *Breithiúnas* le drámadóir, file agus craoltóir Mairéad Ní Ghráda a léiríonn athruithe sóisialta agus polaitíochta i saol na hÉireann i lár na haoise seo caite. Chuir múinteoirí agus daltaí ar shúile POBAL an gá le nótaí staidéar do dhaltaí ar ***Breithiúnas*** le linn Togra Ealaíon POBAL 2010 a thug cuairt ar bhunscoileanna agus ar mheánscoileanna, Gaeilge agus Béarla, ar fud an tuaiscirt, ag soláthair ceardlanna litríochta drámaithe agus scéalaíochta dóibh. Chruthaigh agus reáchtáil POBAL agus an t-úrscéalaí clúiteach as Co. Fhear Manach Séamas Mac Annaidh na ceardlanna agus, dá thairbhe sin, d'iarr POBAL air nótaí staidéir a scríobh do phacáiste CD ar an ábhar. Cuimsíonn an pacáiste réamhrá ó gharmhac le Máiréad Ní Ghráda Dr. Éamon Ó Ciosáin, léachtóir in Ollscoil na hÉireann Maigh Nuat agus saineolaí ar shaothair agus ar shaol an údair, le cois MP3 de cheardlann ar an ábhar a bheidh de bhuntáiste sa dóigh go dtabharfar deis éisteacht le radhairc ón dráma, aithriste agus pléite ag an chomhordaitheoir, aisteoirí, múinteoirí agus daltaí.

An t-Aire Oideachais Caitríona Ruane le daltaí ó Choláiste Feirste agus Ardscoil Naomh Doiminic

Dúirt Nic Sadlier ó POBAL, *'de thoradh ar obair POBAL sna scoileanna an pacáiste CD seo, ag éisteacht le haischothú agus ag cur ar fáil áiseanna cibé áit agus cibé uair ar ghá leo. Tá an pacáiste saor in aice agus beidh cóip curtha chuig achan scoil, thuaidh agus theas, ina bhfuil Breithiúnas ar an churaclam . Creideann POBAL chomh maith gur tábhachtach go n-úsáidtear teicneolaíocht choiteann mar MP3 atá so-aimsithe agus soláimhsithe le múinteoirí agus le daltaí'.*

Roghnaíodh Ardscoil Naomh Doiminic don seoladh de thairbhe na sároibre atá ar bun acu i dtaca leis an Ghaeilge. Dar le múinteoir Gaeilge an Choláiste Andrea Ní Uiginn, '*Is dúshlán mór do dhaltaí A2 í an litríocht agus, ar an drochuair, tá easpa áiseanna amuigh ansin le cuidiú leo. Sílim gur tionscnamh fíorthábhachtach é seo ag Pobal agus tá mé an-bhuíoch díobh go bhfuil siad ag freastal ar an riachtanas sin. Tabharfaidh an pacáiste seo deis iontach dúinn príomhghnéithe an dráma a phlé agus is cinnte go mbeidh áis mar seo ina bhuntáiste mhór ag daltaí agus múinteoirí.*'

Chuir an t-Aire Oideachais Caitríona Ruane tús leis an ócáid a chuimseoidh múinteoirí agus daltaí ó scoileanna éagsúla, agus mar aoichainteoirí ar an lá bhí Dr. Éamon Ó Ciosáin, Séamas Mac Annaidh, Ceannasaí Dráma agus Litríochta Chomhairle Ealaíon TÉ Damian Smyth, príomhoide an Choláiste Carol McCann agus Andrea Ní Uiginn. Tá cóip de na nótaí ar fáil le híoslódáil ó shuíomh POBAL www.pobal.org nó más fearr leat cóip den phacáiste CD chuir r-phost chuig eolas@pobal.org.

POBAL launch Study Notes CD Package

Irish language umbrella group POBAL launched a study notes CD package for Irish A' Level students in St Dominic's High School, Belfast on Tuesday 28th September. The notes are based on dramatist, poet and broadcaster Mairéad Ní Ghráda's play *Breithiúnas*, a study of the changing face of Irish life in the middle of the last century. The need for this resource was highlighted by teachers and pupils during POBAL's Arts Project 2010 which visited primary and secondary schools throughout the north providing storytelling and dramatised literature workshops. Fermanagh's renowned novelist Séamas Mac Annaidh put together and ran the workshops, and because of that, was asked to write the study notes for the CD package. The CD package also contains an introduction from Dr. Éamon Ó Ciosáin, a lecturer at NUI Maynooth and a grandson of the author, and an MP3 recording of a workshop on the subject which provides the opportunity of hearing scenes from the play acted out and discussed by the coordinator, actors, teachers and pupils.

POBAL's Nic Sadlier said, *'this CD package is a result of POBAL's work out in the community, taking on board feedback and acting upon it to provide resources when and where they are needed. The package will be free to all schools with the play Breithiúnas on the curriculum, north and south. We also believe that it is important that the package takes advantage of popular technology such as MP3 which is easily accessible and user friendly for students and teachers'.*

(L-R) Damian Smyth, Séamas Mac Annaidh, Education Minister Caitríona Ruane, Dr. Éamon Ó Ciosáin, Janet Muller agus Nic Sadlier.

St Dominic's was chosen to host the launch because it was the first school visited by POBAL's dramatised workshop on the play *Breithiúnas.* St Dominic's High School Irish teacher Andrea Higgins said of the package, '*A2 Irish language literature is a great challenge for pupils and, unfortunately, resources in this area are lacking. I think that POBAL's project is extremely important and i am grateful to them for catering to these needs. This CD package will create opportunities for us to discuss the plays themes and plots and i am sure that the students and teachers will benefit enormously from this resource.*'

Education minister Caitríona Ruane was be among the guests, which included teachers and pupils from a number of Irish and English medium schools. Keynote speakers at the event were Arts Council NI Head of Drama and Literature Damian Smyth, Dr. Éamon Ó Ciosáin, Seamas Mac Annaidh, St Dominic's principal carol McCann and Andrea Ní Uiginn. The study notes ar available to download from the POBAL website www.pobal.org or you can contact POBAL by e-mail to eolas@pobal.org if you would like a copy of the CD package sent out to you.